


Gníomhaíochtaí Daltaí: Teoirim 18

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Teoirim 18” ar CD an Dalta.

Foirmle a fháil d’achar comhthreomharáin.



1. Cad é achar na dronuilleoige EFDC?

2. Cé na difríochtaí atá idir an dronuilleog EFDC agus an comhthreomharán ABDC?

3. Cé na cosúlachtaí atá idir an triantán AEC agus an triantán BFD? Cén chomparáid atá idir achar na dtriantán sin?

4. Má bhaineann tú an triantán AEC den chomhthreomharán ABDC, agus má chuireann tú an triantán BFD leis, cén cruth a bheidh agat ansin, agus cad é an t-achar? Cad deir sé sin leat faoin ngaol idir achar an chomhthreomharáin ABDC agus achar na dronuilleoige EFDC?

5. Cinntigh go bhfanann an mhírlíne CE sa chomhad idirghníomhach mar a bhí sí ar dtús, agus bog an pointe A ionas go bhforluíonn sé anuas ar an bpointe E. Cad a thugann tú faoi deara anois maidir le cruth an chomhthreomharáin i gcomparáid leis an dronuilleog EFDC?

6. Cad a bhíonn i gceist le hairde ingearach comhthreomharáin? Cé acu mírlíne an airde ingearach sa chomhthreomharán ABDC?

7. An mhírlíne arb í an airde ingearach í, an gcaithfidh sí a bheith dronuilleach leis an mbonn i gcónaí?

An dóigh leat gur fíor: “Achar comhthreomharáin, sin an bonn iolraithe faoin airde ingearach.”? Mínigh.


8. Bog an barra sleamhnáin don bhonn agus / nó na pointí, agus seiceáil an aontaíonn tú go fóill leis an ráiteas “Achar comhthreomharáin, sin an bonn iolraithe faoin airde ingearach.”

Dúshláin

9. Faigh achar comhthreomharáin nuair atá an bonn cothrom le 6 cm agus an airde ingearach cothrom le 8 cm? Taispeáin na ríomhaireachtaí.

10. Más é 96 cm^2 achar comhthreomharáin agus más é 12 cm an airde ingearach, cén fad atá sa bhonn? Taispeáin na ríomhaireachtaí.

11. Is féidir triantán comhshleasach a roinnt ina thriantáin atá ar cóimhéid le línte atá comhthreomhar leis na sleasa urchomhaireacha. Ceanglaíonn na línte sin dhá lárphointe. Cé mhéad comhthreomharán is féidir leat a aimsiú sa bhfíor?



Abair gurb é 16 aonad chearnacha achar an triantáin mhóir. Cad é achar gach comhthreomharáin?

©http://teacherweb.puyallup.k12.wa.us/wildwood/sanderson/documents/covering_and_surrounding_homework_problems_-_investigation_4.pdf. Féach an nasc seo i gcomhair samplaí eile d'achar comhthreomharáin.